Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13996/23**

**LIMITE**

**MIGR 321**
**RELEX 1162**
**COAFR 363**
**MAMA 151**
**FIN 1031**
**NDICI 25**
**COASI 178**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tearmann agus imirce: an ghné sheachtrach<br>– Páipéar plé |

Is dúshlán Eorpach é an imirce a bhainistiú go héifeachtach a dteastaíonn freagairt chomhchoiteann Eorpach ina leith. Anuas ar na gnéithe inmheánacha, go háirithe tabhairt chun críche reachtaíocht an Chomhshocraithe maidir le himirce agus tearmann, tá sé ríthábhachtach an comhar le príomhthíortha tionscnaimh agus idirthurais a neartú a thuilleadh. Chuir an méadú ar líon na n-imirceach ag teacht isteach san Aontas le blianta beaga anuas agus an brú ar chórais imirce agus tearmainn a tharla dá réir i gcuimhne dúinn a thábhachtaí atá sé leanúint de na hiarrachtaí sin ionas go mbeimid in ann freagairt níos éifeachtúla ar na dúshláin sin ar bhealach coisctheach réamhghníomhach.

I gcur chuige cuimsitheach i leith na himirce éilítear meascán den mhéid seo a leanas: gníomhaíocht sheachtrach bhreise, cistiú níos láidre agus níos éifeachtúla, comhpháirtíochtaí cuimsitheacha comhthairbheacha le tíortha tionscnaimh agus idirthurais, aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus easáitiú éigeantais an phobail, borradh a chur faoi acmhainneachtaí cosanta agus bainistithe teorainneacha na dtíortha idirthurais chomh maith le deiseanna don imirce dhleathach, cosaint níos éifeachtaí ar theorainneacha seachtracha an Aontais, an choireacht eagraithe lena n-áirítear smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, aghaidh a thabhairt ar ionstraimiú na himirce agus dlús a chur leis an gcomhar maidir le filleadh agus athligean isteach.

Dhírigh an Chomhairle Eorpach agus Comhairle an Aontais Eorpaigh, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, ar ghné sheachtrach de bheartas imirce an Aontais a fheabhsú, go háirithe ó bhí géarchéim na himirce ann in 2015. Ó shin, tá forbairt tagtha ar an gcomhar le tríú tíortha faoi chreataí éagsúla mar shampla an Cur Chuige Domhanda i leith na himirce agus na soghluaisteachta, an Clár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce agus an Creat Comhpháirtíochta maidir leis an Imirce, chomh maith le comhpháirtíochtaí comhthairbheacha mar a mholtar sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann le déanaí.

Chun gné sheachtrach na himirce a neartú, ba cheart gach acmhainn, beartas, uirlis agus ionstraim a thabhairt le chéile go straitéiseach, agus ba cheart don Aontas agus a Bhallstáit oibriú de réir spiorad Fhoireann na hEorpa; tá sé ríthábhachtach dréim le comhleanúnachas, agus ba cheart é a shaothrú ar gach leibhéal, ar fud na n-institiúidí agus na mBallstát.

Ag cur leis sin, measann Uachtaránacht na Spáinne go bhfuil gá le hiarrachtaí breise ar an leibhéal polaitiúil, oibríochtúil agus airgeadais. I ndáil leis an méid sin, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir le dhá ghné: cur chun feidhme treisithe na n-uirlisí atá ann cheana bunaithe ar shamhail choisctheach réamhghníomhach, agus maoiniú leordhóthanach gníomhaíochtaí sa réimse sin.

***Cur chun feidhme bhosca uirlisí an Aontais a bharrfheabhsú i gcomhréir leis an tsamhail choisctheach***

Léiríodh sa phlé a rinneadh ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 28 Meán Fómhair 2023 go raibh tacaíocht fhoriomlán do mholadh Uachtaránacht na Spáinne maidir le samhail níos coiscthí a chur i bhfeidhm sa fhreagairt phraiticiúil ar an imirce neamhrialta, agus bhíothas ar aon intinn gur ghá feabhas a chur ar an gur chuige réamhghníomhach.

Tá iarrachtaí leanúnacha déanta ag gníomhaithe, institiúidí agus Ballstáit uile an Aontais cuspóirí éagsúla an bheartais sheachtraigh imirce a chur chun feidhme, lena n-áirítear ina gcomhar déthaobhach. Tá ‘bosca uirlisí’ mór curtha ar bun againn chun oibríochtú agus cur chun feidhme ár ngníomhaíochtaí agus ár dtosaíochtaí a áirithiú, mar a leagtar amach thíos.

Ar an gcéad dul síos, tá an tAontas ag cistiú **idirphlé réigiúnach idir-rialtasach** maidir leis an imirce agus tá sé rannpháirteach ann, mar shampla faoi phróisis Phrág, Bhúdaipeist, Chartúm agus Rabat, agus tá **idirphlé maidir le himirce bunaithe aige le tíortha tionscnaimh agus idirthurais**.

Ina theannta sin, tá **pleananna gníomhaíochta** curtha le chéile le haghaidh 10 dtír tionscnaimh agus idirthurais tosaíochta (an Afganastáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Túinéis, an Nígir, an Nigéir, an Iaráic, an Libia, Maracó, an Phacastáin agus an Éigipt). Thairis sin, forbraíodh 24 **chomhad gníomhaíochta**, ina liostaítear cuspóirí nithiúla an Aontais agus na mBallstát agus na modhanna chun iad a bhaint amach sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

PUBLIC

Áirítear freisin i mbosca uirlisí an Aontais maidir le beartas imirce seachtrach an Aontais **tionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa**[1] arb é is aidhm dóibh gníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát a chomhcheangal chun acmhainní a chomhthiomsú agus freagairt níos éifeachtaí, níos comhordaithe agus níos cuimsithí ón Aontas a áirithiú feadh na bpríomhbhealaí imirce.

Rinneadh uirlis shonrach dlí chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir le filleadh agus athligean isteach a ionchorprú in **Airteagal 25a den Chód Víosaí**. Bunaítear leis an uirlis sin an fhéidearthacht bearta sriantacha víosa a ghlacadh a bheidh infheidhme maidir leis na tríú tíortha sin nach gcomhoibríonn go leordhóthanach maidir le filleadh agus athligean isteach, bunaithe ar thuarascáil mheasúnaithe bhliantúil agus caidreamh foriomlán an Aontais leis na tríú tíortha lena mbaineann á chur san áireamh. Tíolacadh tograí le haghaidh na mbeart sin i gcás na Banglaidéise (2021), na hIaráice (2021), na Gaimbia (2021 agus 2022) agus na Seineagáile (2022). Ghlac an Chomhairle cinntí foirmiúla i gcás na Gaimbia (2021 agus 2022). An mhí seo caite, thíolaic an Coimisiún tograí nua i ndáil leis an Aetóip agus an Ghaimbia, agus i gcás na Gaimbia bhí sé d'aidhm ag an togra deireadh a chur le cuid de na bearta sriantacha a glacadh don tír sin. Is léir gur uirlis éifeachtúil é an sásra faoi Airteagal 25a den Chód Víosaí chun an rannpháirtíocht agus an comhar maidir le filleadh agus athligean isteach a neartú i gcás gach tríú tír inar cuireadh tús leis, cé gurb í an Ghaimbia an t-aon chás inar glacadh cinntí maidir le bearta víosa a fhorchur. I bhformhór na gcásanna go dtí seo, ba leor bearta sriantacha víosaí a mholadh chun an comhar a fheabhsú. Is tosaíocht i gcónaí é an comhar maidir le filleadh agus athligean isteach leis na tíortha sin chun éifeachtacht bheartas an Aontais um fhilleadh a fheabhsú.

---

**1** Tá dhá thionscnamh de chuid Fhoireann na hEorpa seolta ag an Aontas agus comhpháirtithe san Afraic atá dírithe ar bhealach an Atlantaigh/na Meánmhara Thiar agus bealach na Meánmhara Láir chun iarrachtaí comhpháirteacha a áirithiú ó na Ballstáit agus ón Aontas agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin imirce atá roimh an Aontas agus a chomhpháirtithe i dTuaisceart na hAfraice.

Ina theannta sin, is gné thábhachtach dár gcur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú imirce iad conairí **dleathacha imirce**. I ndáil leis sin, tugann tionscnaimh ar nós **Comhpháirtíochtaí Tallainne** deis chun comhar comhthairbheach a bhunú idir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta. Ar an gcaoi sin, tá Comhdháil Ardleibhéil de Ghréasán Imirce na hEorpa á heagrú ag Uachtaránacht na Spáinne i Maidrid an 16 agus an 17 Samhain, a thabharfaidh deis an t-ábhar a phlé agus a thabharfaidh le chéile cainteoirí ardleibhéil agus saineolaithe ón Aontas agus ó thíortha nach bhfuil san Aontas a bhfuil baint acu leis an tionscnamh seo.

Is gnéithe lárnacha de bhosca uirlisí an Aontais iad na **gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanann Gníomhaireachtaí an Aontais** i dtríú tíortha, mar shampla Frontex, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) agus Europol. Sa chomhthéacs sin, ba cheart Frontex agus na tíortha tionscnaimh agus idirthurais ábhartha a spreagadh a thuilleadh chun teacht ar chomhaontuithe stádais agus socruithe oibre eatarthu. Ba cheart plé a dhéanamh freisin ar na dúshláin a bhaineann leis na comhaontuithe sin a chaibidil le tríú tíortha mar chuid den díospóireacht maidir le conas an ghné sheachtrach de Ghníomhaireachtaí an Aontais a thabhairt chun cinn agus a threisiú.

In éineacht leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanann Gníomhaireachtaí an Aontais, ba cheart díriú níos mó ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí an t-oibríochtú ar an talamh i dtaca le gné sheachtrach na himirce a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear trí thoscaireachtaí an Aontais a bheith rannpháirteach agus iad ag rannchuidiú go réamhghníomhach leis an oibríochtú sin.

**Sa Chomhairle**, féachann struchtúir éagsúla, mar shampla an Mheitheal um Ghnéithe Seachtracha de Thearmann agus Imirce (EMWP), an Mheitheal um Imirce, an Mheitheal um Víosaí, chomh maith leis an sásra comhordúcháin oibríochtúil le haghaidh ghné sheachtrach na himirce (MOCADEM), le comhleanúnachas a áirithiú idir plé straitéiseach sa réimse sin agus obair oibríochtúil, lena n-áirítear cur chun feidhme agus faireachán.

PUBLIC

Mar sin féin, agus aghaidh á tabhairt aige ar fhormhór na ndúshlán imirce, ba mhinic an tAontas ag freagairt ar imeachtaí tar éis dóibh titim amach, seachas gníomhú go réamhghníomhach. Dar leis an Uachtaránacht, ba cheart don Aontas a bheith níos réamhghníomhaí agus an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcreat comhpháirtíochta atá chun tairbhe don dá thaobh chun gníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme i dtíortha tábhachtacha. Sa chomhthéacs sin, ní mór dúinn a mheas an bhfuil an bosca uirlisí oiriúnach chun freastal ar shamhail choisctheach nua nó an gá na huirlisí atá ann cheana a bharrfheabhsú.

- *Iarrtar ar na hairí féachaint conas a d'fhéadfadh cur chun feidhme níos éifeachtaí ar an talamh a bheith chun tairbhe do na huirlisí atá ann faoi láthair, lena n-áirítear, inter alia, ról ghníomhaireachtaí agus thoscaireachtaí an Aontais, chun beartas imirce seachtrach an Aontais a threisiú de réir samhail choisctheach agus le cur chuige réamhghníomhach.*

- *Maidir le filleadh agus athligean isteach, cé na bearta breise a mheastar a bheith ar na bearta is éifeachtaí chun an comhar um athligean isteach le príomhthíortha a threisiú a thuilleadh, an Bhanglaidéis, an Aetóip, an Iaráic, an tSeineagáil agus an Ghaimbia san áireamh*?

***Tacaíocht airgeadais níos láidre, níos éifeachtúla agus níos comhordaithe***

Is é cuspóir deiridh na gné seachtraí de bheartais imirce mar a leagtar amach sna míreanna roimhe seo comhpháirtíochtaí cuimsitheacha, inbhuanaithe agus comhthairbheacha a fhorbairt le tíortha tionscnaimh agus idirthurais na n-imirceach.

Tá gá le tacaíocht láidir pholaitiúil, oibríochtúil agus airgeadais chun an sprioc sin a bhaint amach. Imríonn an cistiú ón Aontas ról suntasach i bhfreagairt an Aontais ar dhúshláin na himirce sa ghné sheachtrach. Cé go bhfuil méadú tagtha ar mhéid iomlán an chistithe ón Aontas atá tiomnaithe do thearmann, don easáitiú éigeantach agus don imirce, ní leor fós leibhéal na huaillmhéine, ó thaobh cainníochta ná ó thaobh cáilíochta de, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ollmhóra i réimse na himirce. I mbeagán focal, meastar go bhfuil gá le níos mó cistí, comhsheasmhacht fheabhsaithe maidir leis an gcistiú sin, agus cur chun feidhme níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

Ós amhlaidh atá, agus gan dochar don phlé atá ar siúl faoi láthair maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) reatha (chomh maith le plé ar an gcéad CAI eile), tá sé ríthábhachtach cistiú breise agus cistiú níos fearr a bhaint amach do ghné sheachtrach na himirce, chomh maith le creat inbhuanaithe don chistiú tar éis 2024 a áirithiú, chun leanúint de bheith inchreidte *vis-à-vis* tríú tíortha tábhachtacha. Chun an méid sin a dhéanamh tá gá le cur chuige iomlánaíoch, ach tacaíocht airgeadais do thríú tíortha a threisiú freisin do chláir, do thionscadail agus do ghníomhaíochtaí a bhfuil baint acu le comhrac na smuigléireachta agus na gáinneála ar dhaoine, bainistiú teorainneacha ar talamh agus ar muir agus gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála.

PUBLIC

Ar an gcaoi chéanna, ní mór na hacmhainní airgeadais is gá chun tionscnaimh ar nós pleananna gníomhaíochta, comhaid ghníomhaíochta nó tionscnaimh 'Foireann na hEorpa' a chur chun feidhme go héifeachtach a bheith chomh leordhóthanach, láidir agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Tá an chuma air go bhfuil géarghá le feabhas a chur ar an gcomhordú idir lucht déanta na mbeartas imirce faoi seach, ar thaobh amháin, agus iad siúd atá ag obair sa réimse airgeadais agus buiséadach, ar an taobh eile, go háirithe anois, le linn an athbhreithnithe ar CAI agus an phlé ar an gcéad CAI eile.

- *Agus é mar chuspóir creat cistiúcháin inbhuanaithe a áirithiú sa mheántéarma agus san fhadtéarma, iarrtar ar na hairí féachaint ar conas an leithdháileadh airgeadais a fheabhsú chun gné sheachtrach níos éifeachtúla den imirce a fhorbairt, i gcomhréir leis an tsamhail choisctheach agus le creat atá tairbheach don dá thaobh.*

- *Iarrtar ar na hairí freisin féachaint an bhféadfaí feabhas a chur ar na modhanna oibre atá ann faoi láthair chun comhordú éifeachtúil a dhéanamh ar ghnéithe airgeadais na dtionscnamh a bhfuil baint acu le gné sheachtrach na himirce.*

---